



## Aighneacht

### don Údarás Rialachais Seirbhísí Dlí

#### Oideachas agus oiliúint chleachtóirí dlí

De réir Acht na nDlí-Chleachtóirí (An Ghaeilge) 2008, cuireadh ar bun cúrsa agus cáilíocht sa Ghaeilge a bhí ar ardchaighdeán sa teanga scríofa agus sa teanga labhartha, a bheadh ar fáil dóibh siúd ar mhian leo tabhairt faoi len iad féin a chumasú le feidhmiú trí mheán na Gaeilge sna cúirteanna. Moladh go gcuirfí polasaí oifigiúil i bhfeidhm maidir le breithiúna a cheapadh do na cúirteanna éagsúla chun féachaint chuige go mbeadh i gcónaí, i measc na mbreithiúna ins na ranna éagsúla de na cúirteanna, breithiúna éigin a bhí cáilithe faoin gcúrsa agus faoin scrúdú a luaitear thuas nó go raibh cáilíocht sa Ghaeilge acu ar comhchéim leis an gcaighdeán a bhainfí amach ar an dóigh sin.

De bhun Acht 2008, caithfidh Óstaí an Rí - mar ionad oiliúna na n-abhcóidí - agus an Dlí-Chumann – mar ionad oiliúna na n-aturnaetha – féachaint chuige go réasúnach go mbeidh líon dóthanach d'abhcoídí agus d'aturnaetha inniúil sa Ghaeilge. Níor cuireadh i bhfeidhm aon pholasaí maidir le líon dóthanach breithiúna le Gaeilge a cheapadh ar na cúirteanna éagsúla.



Molann an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta go leanfar leis na cúrsaí Gaeilge agus le bronnadh na cáilíochta seo lena chinntiú go mbeidh abhcóidí agus aturnaetha ar fáil dóibh siúd ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Tabharfaidh sé seo aitheantas freisin dóibh siúd le caighdeán ard Gaeilge ón mbaile nó ón scoil agus deis an teanga a úsáid go gairmiúil.

Molann an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta freisin go gcuirfear polasáí i bhfeidhm le líon dóthanach breithúna le Gaeilge a cheapadh ar na cúirteanna éagsúla.

Muireann Ní Mhóráin

Príomhfheidhmeannach

27 Eanáir 2020